Gaelscoil na Mí

Polasaí do Bhreithlaethanta

Réasúnaíocht

Is gá dúinn polasaí a scríobh chun dea-nósanna a chothú. Ba mhaith linn go mbeidh cinnteacht ann faoin gcleachtas seo sa scoil. Is mian linn breithlaethanta a cheiliúradh sa scoil i slí atá taitneamhach, dearfach agus cothrom do gach páiste. Go minic, an rud a tharlaíonn ná go roinneann na páistí cuirí do chóisirí agus ní fhaigheann gach duine ceann. Goilleann sé seo go mór orthu agus bíonn ar an múinteoir déileáil le seo, rud a idíonn am teagaisc an mhúinteora. Is annamh freisin a mbíonn na cuirí scríofa as Gaeilge (agus léitear amach iad sa seomra as Béarla). Mar sin, smaoinigh foireann na scoile ar phlean chun dea-chleachtas a bhunú timpeall ar ocáid an bhreithlae.

Seo na príomhphointí

- Ba mhór linn go mbeidh ocáid an bhreithlae speisialta agus cothrom do gach duine sa scoil.
- Ag an tionól scoile gach aoine, fiosrófar faoi bhreithlá aon pháiste a bhí ar siúl i rith na seachtaine (ar fáil ar Aladdin) agus canfaidh an scoil go léir 'Lá breithe sona dhuit' don duine/daoine sin.
- Fiosrófar chomh maith faoi bhreithlá aon pháiste a bhí ar siúl i rith na laethanta saoire nó i rith na deiridh seachtaine & canfaidh an scoil go léir 'Lá breithe sona dhuit' don duine/daoine sin.
- Ní cheadófar aon chuireadh do chóisir a thabhairt amach sa scoil. Déanfaidh tuismitheoirí é seo taobh amuigh d'am scoile.
- Cuirimid i gcuimhne do thuismitheoirí go bhfuil polasaí lóin sláintiúil i bhfeidhm sa scoil agus nach éisceacht é an breithlá don pholasaí sin.
- Chun tacú le tuismitheoirí nach bhfuil aithne acu ar a chéile, cuirfear bileoga ranga amach chuile bhliain ag lorg sonraí teagmhála na tuismitheoirí le bheith scaipithe don rang sin & cabhroidh sé sin leo teagmháil a dhéanamh lena chéile.

Gaelscoil na Mí
Birthday Policy

Rationale

As a new school we require a policy on this to promote good practices. We want to ensure that there is certainty about school practices and customs around birthdays. We want to establish a school policy that establishes a way to celebrate the special day of a child's birthday in school in a way that is enjoyable, special and fair for all. Often, in school, children hand out invitations to parties. Not everyone always gets invited and this can lead to children feeling left out. As a direct result of this class teachers often have to deal with issues of bullying and feelings of hurt and insecurity which erodes teaching time.

These are the main points:

- To ensure that birthdays are celebrated in a fair and enjoyable way for all children.
- At the assembly every Friday morning, teachers will enquire about childrens' birthdays that have fallen during the week (available through Aladdin – the school's database) & the school will sing "Lá breithe Sona duit" to the birthday children.
- Teachers will also enquire about children's birthdays that have fallen over the weekend or during the recent holidays and 'La breithe sona duit' will be sung to these children also.
- Parents (or children) wishing to hand-out invitations to parties will do so outside school and outside of school hours.
- We also remind parents about our healthy eating policy and remind parents that birthdays are not an exception to this.
- In an effort to facilitate parents that may not know each other we will send out a class contact form at the start of each year offering parents the opportunity to make their phone numbers available to all parents in the class.